Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

(COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE)

Seosamh Mac Donncha
B.A., A.T.O., T.T.G.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Chief Executive Officer

Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
Teileafón: (091) 874260
Fax: (091) 874270
Email: enquiries@cogalvec.ie
Website: www.countygalwayvec.com

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.
The Committee welcomes correspondence in Irish or English.

FAOMHADH POLASAÍ SCOILE

Scoil: COLÁISTE AN EACHRÉIDH

Ghlac Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe leis an bPolasaí Scoile seo a leanas:

POLASAÍ FREAGARTHA GÉARCHÉIMEANNA

Le leasú / leasuithe ☐ gan leasú /leasuithe ☑

(cóip den leasú /de na leasuithe iniata)

ag cruinniú den Choiste a tionóladh ar an 15ú SAMHAIN 2010

Sínithe: [signature]
Cathaoirleach an Choiste

Seosamh Mac Donncha
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Polasaí Freagartha Géarchéimeanna Coláiste an Eachréidh.

Ráiteas polasaí ar phlean an Choláiste maidir le freagairt do theagmhas criticiúil nó do ghéarchéim.

1: RÉAMHRÁ.

1.1. Agus aitheantas tugtha go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, foireann nach foireann teagaisc iad chomh maith le daltaí i bPobal an Choláiste, tá sé mar aidhm ag an gColáiste timpeallacht a chothú a chuireann le féinmheas agus folláine phearsanta na mball uile atá ann.

1.2. Ag tógáil san áireamh go dtarlaíonn géarchéimeanna agus trámaí agus go mbeidh tacaíocht de dhíth ar bhaill de Phobal an Choláiste nuair a tharlaíonn géarchéim nó tráma, déanfaidh údaráis an Choláiste gach iarracht timpeallacht a chothú ina bhfuil luach ar dhaoine agus ina dtugtar tacaíocht dóibh.

1.3. Is é an t-ábhar is cúram d'údaráis an Choláiste ná go bhfuil baill de Phobal an Choláiste ullmhaithe do ghéarchéimeanna agus trámaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus go dtugtar tacaíocht do dhaoine gach bealach agus is féidir agus géarchéim nó tráma ann.

1.4. Toisc go bhfuil gach cás éagsúil, aithníonn údaráis an Choláiste nach féidir a bheith ullmhaithe go hiomlán leis an bpróiseas agus nós imeachta chun freagairt do ghéarchéimeanna, tragóidí agus teagmhais chriticiúla gan choinne.

1.5. Mar sin féin, tá sé beartaithe ag an mBord agus an polasaí seo á chur i láthair d'aire gach duine atá mar chuid de Phobal an Choláiste:

- go bhfuil na heilimintí ullmhachta atá i bhfeidhm feiliúnach i gcoitinne.
- go mbeadh gach duine a oibríonn sa scoil ar an eolas faoin tsraith ghinearálta de fhreagairtí agus/nó nósanna imeachta atá leagtha amach.
- go bhfuil aitheantas tugtha do ról an Choláiste mar eilimint amháin a d'fhéadfadh freagairt do ghéarchéim, agus
- go bhfuil aitheantas tugtha do ról an Choláiste ó thaobh tacaíochta de agus, más cuí, a comhpháirtíocht le heagraíochtaí eile.

2. Ráiteas Misean

I gColáiste an Eachréidh déantar gach dícheall timpeallacht thaitneamhach shlán shábháilte a chur ar fáil ina ndéantar oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Dírítear aird ar fhorbairt acadúil, shóisialta agus chultúrtha na scoláirí le súil lán-chumas a bhaint amach. Aithnítear tréithiúlacht ar leith na scoláirí agus déantar gach iarracht iad a oiliúint le bheith ina saoránaigh measúla, réasúnacha, fiúntacha.

5. NÓSANNA IMEACHTA I GCÁS GÉARCHÉIME

5.1. Nuair a chloistear faoi ghéarchéim, cuirfidh an Príomhoide é in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, agus glaofar cruinniú den Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna, chomh luath agus is féidir.

5.2. Cuirfidh an fhoireann, faoi threoir an Phríomhoide, na fíricí le chéile a bhaineann leis an gcás. Seans go mbeidh gá le teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí nó le foinsí eile faisnéise iontaofa ar nós na n-ospidéal nó na dtuismitheoirí.

5.3. Ullmhóidh agus comhaontóidh baill na Foirne tuairisc i scríbhinn ina mbeidh mionsonraí ar na fíricí a bhaineann leis an gcás agus scaipfear í ar na páirtithe leasmhara uile a luaithe agus is féidir. Tá i gceist ag údaráis an Choláiste go seachnófar ráflaí agus/nó tuairimíocht ina leithéid de chásanna deacra.

5.4. Leagfaidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna plean nó clár amach le leanúint faoi na ceannteidil seo a leanas:

- tacaíocht, sólás agus cuidiú a thabhairt do dhaoine atá curtha amach leis an gcás, déileálfar le toradh na géarchéime ar Phobal an Choláiste.

Déanfar an plean seo a dhréachtú go soiléir agus cuirfear gach duine atá bainteach leis ar an eolas faoi. Seo a leanas cuid de na dualgais a d'fhéadfadh a bheith ar bhaill na Foirne Freagartha Géarchéimeanna:

- teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí nó daltaí ar leith
- cuairt a thabhairt ar bhaile/bhailte an duine/na ndaoine atá ag fulaingt
- na daltaí agus an fhoireann a chur ar an eolas
- cruinniú foirne agus tionóil daltaí agus foirne a eagrú
- ráiteas a chomhaontú do na meáin
- tascanna a chomhaontú do na baill foirne
- speisialtóirí, ar nós comhairleoirí, a chomhthoghadh ar an bhFoireann de réir mar is gá
- rannpháirtíocht an Choláiste i searmanais a eagrú nó a reáchtáil

5.5. Tabharfaidh baill na Foirne Freagartha Géarchéimeanna faoi na dualgais agus tascanna atá comhaontaithe, agus tiocfaidh siad le chéile go rialta le heolas a fháil agus le haghaidh nuashonrúcháin.

5.6. Beidh duine amháin, an Príomhoide, más féidir ach gan a bheith

Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna cuairt ar gach grúpa, agus d'fhéadfadh sé/sí a bheith mar thacaíocht do na múinteoirí trí cheisteanna na ndaltaí a fhreagairt nó trí fhaoiseamh a thabhairt dóibh leis na buarthaí a bheadh acu.

- Cuirfear na daltaí ar an eolas maidir le pleananna an Choláiste ó thaobh a rannpháirtíochta i seirbhísí nó i searmanais.
- Beidh an rogha ag na daltaí iad féin a shaoradh ó shearmanais ina bhféadfaidís a bheith trína chéile dá bharr.
- Iarrfar ar dhaltaí tacaíocht a thabhairt dá gcomhghleacaithe a mbaineann an ghéarchéim dóibh. B'fhéidir go dtabharfar spreagadh dóibh cárta a chur nó a bheith rannpháirteach i seirbhísí.
- Cuirfear na daltaí ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh agus faoin mbealach inar féidir leo tacaíocht a fháil dóibh féin nó do dhaoine eile.
- Déanfaidh na múinteoirí athbhreithniú ar fhíricí an cháis leis na daltaí chun beachtas a chinntiú.

6.3. *I DTACA LEIS NA TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ NÓ GAOLTA*

- Leagfaidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna plean amach chun tuismitheoirí/caomhnóirí nó gaolta a chur ar an eolas sa chás go mbíonn géarchéim ann ina bhfuil daltaí agus iad as baile rannpháirteach inti, agus aontófar freisin na tacaíochtaí ar féidir a chur ar fáil do na daoine a mbaineann an ghéarchéim dóibh.
- Féadfaidh an Fhoireann cinneadh a dhéanamh, ag brath ar an gcineál géarchéime, go mbeidh gá teagmháil a dhéanamh go pearsanta, cé go mbeidh casann eile ann inar féidir an fhaisnéis a thabhairt thar an bhfón nó do ghrúpaí atá cruinnithe le chéile.
- Tabharfar tús áite dóibh siúd a mbaineann an ghéarchéim leo go díreach.
- Bainfidh gach ball úsáid as an ráiteas ullmhaithe céanna agus é á chur in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Chomh fada agus is féidir, cuirfear gach tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas ag an am céanna agus déanfar é seo go tuisceanach.
- Gheobhaidh baill na Foirne amach má tá tuismitheoir/caomhnóir ina (h)aonar nó má tá sé/sí soghonta, agus molfaidh siad an tacaíocht chuí dó/di.
- Sa chás nach bhfuil an páiste tagtha abhaile go fóill, déanfaidh baill foirne iarracht cuidiú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun déileáil go hiomchuí lena bpáiste nuair a fhilleann sé/sí abhaile.
- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil dóibh siúd agus dá bpáistí.
- Cuirfear tacaíocht phraiticiúil ar fáil ar nós iompair, línte cabhrach, uimhreacha fóin.

7. ATHBHREITHNIÚ AR AN BPOLASAÍ MAIDIR LE FREAGAIRT GHÉARCHÉIMEANNA

Déanfaidh Bord Bainistíochta Coláiste an Eachréidh, i gcomhairle leis na comhpháirtithe cuí, athbhreithniú ar an bpolasaí seo ó am go ham de réir mar is cuí, ach déanfar seo go hiondúil ag tús gach Bord Bainistíochta nua. Agus a leithéid athbhreithnithe ar bun féadfar aon chuid den ráiteas polasaí seo a leasú.

Arna fhaomhadh agus arna dhaingniú ag an mBord Bainistíochta ar _

15 Nollaig 2009

Coláiste an Eachréidh
15 DEC 2009
Brian Ó Maoilchiaráin

Tomás Breathnach
Cathaoirleach an Bhoird
15 Nollaig 2009